

Comhairle Lucht Féachana TG4 2020 - 2025

Cuirfidh TG4 fáilte roimh léirithe spéise ó dhaoine le Gaeilge líofa ar mian leo a bheith ina gcomhaltaí ar Chomhairle Lucht Féachana TG4.

Fáilteofar roimh iarratais o dhaoine atá ionadaíoch *ar an phobal féachana i gcoitine*, ar phobal Gaeltachta agus go mórmhór iad siúd atá ionadaíoch ar an lucht féachana óg (Tuismitheoirí, ionadaithe óige, nó daoine atá idir 18 – 25 bliana d’aois).

Is í príomh-fheidhm na Comhairle ná tuairimí agus aiseolas a chur in iúl don Bhord agus do fhoireann bhainistíochta TG4. Is deis í seo do dhaoine tacú le TG4 ar bhealach praiticiúil tríd aiseolas luachmhar a roinnt maidir le raon agus caighdeán an ábhair ag TG4.

Is é Bord TG4 a cheapann comhaltaí na Comhairle. Beidh comhalta ar Bhord TG4 mar Chathaoirleach ar an gComhairle agus ceapfar ceathrar déag comhaltaí eile ó réimse cúlraí agus aoisghrúpaí.

Bíonn dhá chruinniú sa mbliain ag an gComhairle Lucht Féachana.

Tá ról agus ar dualgais na Comhairle leagtha amach in Alt 96 den Acht Craolacháin 2009. Treoraítear ansin don Bhord daoine a cheapadh ar an gComhairle Lucht Féachana atá *“ionadaitheach ar an phobal féachana agus éisteachta agus, go háirithe, ar phobail Ghaeltachta, ar dhaoine faoi mhíchumas radhairc nó éisteachta agus go mbeidh na comhaltaí ..in ann cumarsáid inniúil a dhéanamh as Gaeilge.”*

Iarrtar ar dhaoine ar suim leo a bheith ina gcomhaltaí Comhairle agus a bhfuil a gcáilíocht ag teacht leis na riachtanais atá luaite thuas san Acht, a suim a léiriú trí CV gearr (1 lch) a sholáthar ina dtugtar na gnáth-shonraí pearsanta mar aon le seoladh reatha r phoist agus gnáth-phoist agus deimhniú ar a gcumas cumarsáide i nGaeilge.

Seol d’iarratas ar r phost chuig comhairle@tg4.ie roimh an **14 Feabhra 2020** nó sa bpost chuig:

Oifig an Ardstiúrthóra, TG4, Baile na hAbhann, Co na Gaillimhe.